# FÓGRA MAIDIR LE hÚINÉIREACHT LEANTÓRA A AISTRIÚ

**LÉIGH NA NÓTAÍ THALL GO CÚRAMACH LE DO THOIL SULA GCOMHLÁNANN TÚ AN FHOIRM SEO.**
**Ní mór go gcomhlánfaidh an dá Pháirtí an fhoirm seo ag an am céanna.**

## CUID A LE COMHLÁNÚ AG AN DÍOLTÓIR

Marc Leantóra

Cineál / Déanamh                Dath(anna):

Uimhir Fonnaidh:

### AINM AGUS SEOLADH AN DÍOLTÓRA

An tUas., Iníon Uí., etc                Céad Ainm(neacha):

Sloinne NÓ
Ainm na Cuideachta

Seoladh

Baile/Cathair
Contae                Uimh. Teileafóin:

### DEARBHÚ

Dearbhaím/ Dearbhaímid gur aistríodh úinéireacht na feithicle thuas chuig an úinéir nua a luaitear i gCuid B ar an lá de mhí ____ (La) sa bhliain ____ (Mí, Bhliain) agus go bhfuil an Cárta Ceadúnais Leantóra ceangailte leis seo ☐
nach bhfuil an Cárta Ceadúnais Leantóra ceangailte leis seo ☐
*(Cuir tic mar is cuí)*

Síniú an Díoltóra:                Dáta:

## CUID B LE COMHLÁNÚ AG AN CEANNAITHEORA

### AINM AGUS SEOLADH AN CHEANNAITHEORA

An tUas., Iníon Uí., etc                Céad Ainm(neacha):

Sloinne NÓ
Ainm na Cuideachta

Seoladh

Baile/Cathair
Contae                Uimh. Teileafóin:

Seoladh ag a mbíonn an fheithicil de ghnáth (Cuir isteach "mar thuas" más rud é go mbíonn an fheithicil ag an seoladh thuas).

### DEARBHÚ

Dearbhaím/ Dearbhaímid (i) gur aistríodh úinéireacht an leantóra chugam/chugainn,
(ii) gur chuir mé/chuireamar m'ainm/ár n-ainmneacha agus seoladh féin ar an gCárta Ceadúnais Leantóra.

*An Dáta a Fuarthas*

Síniú an Ceannaitheora.                Dátá:

## CUID C LE COMHLÁNÚ AG AN DÍOLTÓIR
## NÍ MÓR DON CHEANNAITHEOIR AN CHUID SEO A SCOR AGUS A CHOIMEÁD

Rinne mé/rinneamar ar an dáta seo an leantóir ag a raibh an treoir-mharc ____ a dhíol/thrádáil isteach.

*Ainm agus Seoladh an Cheannaitheora*

Síniú an Díoltóra:

Dáta:

# NÓTAÍ

## TÁBHACHTACH

Rachaidh sé chun leasa an té a bhfuil an leantóir á dhíol aige/aici:

(i) Más rud é gur Cuideachta atá cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí (1963) é an Ceannaitheoir, a chinntiu go mbainfear úsáid as ainm agus seoladh na cuideachta mar a sonraíodh ar a Dheimhniú Corpraithe agus go mbeidh sé sínithe ag an Stiúrthóir Bainistíochta nó ag an Rúnaí.

(ii) Más rud é nach cuideachta chláraithe é an trádálaí, a chinntiú go gcomhlánfar an fhoirm agus go mbeidh sí sínithe in ainm duine.

(iii) Á chinntiú go gcomhlíonfar an fhoirm agus go seolfar chuig an oifig mhótarchánach áitiúil í chomh luath agus is féidir.

**MURA NDÉANFAR SIN BEIDH D'AINM FÉIN FÓS LUAITE MAR ÚINÉIR CEADÚNAITHE AN LEANTÓRA**

**A. Cá huair ar chóir an fhoirm seo a úsáid?**

Ba chóir an fhoirm seo a úsáid nuair a dhéanann aon duine nó aon chomhlacht leontóir nó leath-leantóir a dhíol, a thrádáil isteach nó a chur de láimh ar shlí eile. Ní mór an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh chuig d'Oifig Mhótarchánach Áitiúil.

**B. Cá huair nár chóir an fhoirm seo a úsáid?**

**Ná húsáid** an fhoirm seo chun ceadúnas (an Chéad Cheadúnas nó Athnuachan) a fháil do leantóir nó do leath-leantóir a sháraíonn a mheáchán ceadaithe uasta 3,500kg nó chun aon athrú i mionsonraí an leantóra a chlárú - ní mór duit an Fhoirm Cheadúnaithe nó an Fhoirm maidir le hAthrú Sonraí (TF100) a úsáid.

**C. Conas an fhoirm seo a chomhlánú?**

Ní mór don té a bhfuil an leantóir a **DHÍOL** acu Cuid A agus Cuid C den fhoirm seo a chomhlánú. Ní mór don té a bhfuil an leantóir a **CHEANNACH** acu Cuid B den fhoirm seo a chomhlánú.

**D. Cad a bheidh le déanamh ansin?**

Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe ag an Díoltóir agus ag an gCeannaitheoir:

- Ba chóir don **DÍOLTÓIR** Cuid C den fhoirm a scor agus í a thabhairt don **CHEANNAITHEOIR**.
- Ba chóir don Chheannaitheoir **(MURA DÉILEÁLAÍ MÓTAIR É)** a hainm/ainm agus a sheoladh/seoladh a chur sa roinn dar teideal "An Chéad Úinéir" ar Chárta Ceadúnais an leantóra.
- Ba chóir don Díoltóir Cuid A agus Cuid B den fhoirm seo **MAR AON** leis an Chárta Ceadúnais a chur ar aghaidh an Oifig Mhótarchánach áitiúil **LÁITHREACH.**
- Sa chás gur Déileálaí Mótair é an Ceannaitheoir, ba chóir don Díoltóir Cuid A agus Cuid B den fhoirm seo a sheoladh chuig an Oifig Mhótarchánach láithreach. Níor chóir an Cárta Ceadúnais a sheoladh chuig an Oifig Mhótarchánach, áfach, ach é a thabhairt don Déileálaí Mótair, a choimeádfaidh é go dtí go ndíolfar an Leantóir arís.

**E. MURA BHFUIL CÁRTA CEADÚNAIS AN LEANTÓRA AR FÁIL**

**MURA BHFUIL AN DÍOLTÓIR IN ANN CÁRTA CEADÚNAIS AN LEANTÓRA A CHUR AR FÁIL, BA CHÓIR DÓ AN FHOIRM IARRATAIS AR DHOICIMÉID ATHSHOLÁTHAIR (RF 134) A CHOMHLÁNÚ AGUS A SHEOLADH CHUIG AN OIFIG MHÓTARCHÁNACH ÁITIÚIL LEIS AN TÁILLE CHUÍ.**

**RABHADH - PIONÓIS**

**DLÍFEAR IONCHÚISEAMH AGUS D'FHÉADFADH PIONÓIS THROMA A BHEITH I GCEIST MAIDIR LE hAON DUINE A AISTRÍONN ÚINÉIREACHT LEANTÓRA AGUS NACH NDÉANANN NA TREORACHA THUASLUAITHE A GCOMHLÍONADH.**

**Ráiteas Príobháideachta**

Éilíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS) ar chustaiméirí faisnéis phearsanta ar leith a sholáthar d'fhonn feidhmeanna reachtacha agus riaracháin a chomhlíonadh. Caithfidh an Roinn le gach faisnéis agus sonraí pearsanta a chuirfidh tú ar fáil mar fhaisnéis agus sonraí atá faoi rún de réir an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí agus reachtaíocht Cosanta Sonraí.

D'fhéadfaí, de réir dlí, do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais nó gníomhaireachtaí eile atá ag teacht faoi théarmaí tagartha DTTAS. Tá na sonraí ar fad maidir le beartas cosanta sonraí na Roinne, ina leagtar amach mar a bhainfimid leas as do chuid faisnéise pearsanta, chomh maith le heolas maidir le do chearta mar dhuine is údar do na sonraí le fáil ag www.dttas.gov.ie/dataprotection. Tá cóip chrua de na sonraí maidir leis an mbeartas seo le fáil freisin ach ríomhphost á iarraidh a sheoladh chuig dataprotection@dttas.gov.ie nó scríobh chuig an Aonad Cosanta Sonraí, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Lána Líosain, Baile Átha Cliath D02 TR60.